V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

### GLAOCH AR AINMNIÚCHÁIN D'FHONN AN tOMBUDSMAN EORPACH A THOGHADH

Ag féachaint d'Airteagail 24 agus 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmiú dhualgais an Ombudsman arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 ([1]) agus, go háirithe, d'Airteagail 6 agus 7 díobh.

Ag féachaint do Riail 231 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Ombudsman a Thoghadh,

De bhrí go mairfidh toghadh seo an Ombudsman Eorpaigh ar pháirt Pharlaimint na hEorpa feadh théarma parlaiminteach 2019-2024,

De bhrí go bhfuil an tOmbudsman Eorpach incháilithe lena athcheapadh,

De bhrí go roghnaítear an tOmbudsman Eorpach as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitíochta acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, a chomhlíonann na coinníollacha is gá chun an oifig bhreithiúnachta is airde ina dtír féin a fheidhmiú nó a bhfuil inniúlacht agus taithí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman,

1. Fáiltítear leis seo roimh ainmniúcháin i gcomhair thoghadh an Ombudsman Eorpaigh ag Parlaimint na hEorpa.

2. Ní mór d'iarratasóirí tacaíocht a bheith acu ó 40 Feisire de Pharlaimint na hEorpa ar a laghad, ar náisiúnaigh iad de dhá Bhallstát ar a laghad agus ní mór dóibh gach doiciméad tacaíochta a sholáthar a bhfuil gá leo chun a léiriú go cinntitheach go gcomhlíonann siad na coinníollacha a éilítear leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear feidhmiú dhualgais an Ombudsman, mar aon le dearbhú sollúnta ar a bpáirt nach ngabhfaidh siad d'aon slí bheatha eile má thoghfar iad, bíodh sí sochrach nó ná bíodh, le linn a dtéarma oifige.

([1]) IO L 113, 4.5.1994, lch. 15.

3. Ní mór ainmniúcháin a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2019 (2).

4. Beidh próiseáil gach sonra phearsanta le linn an nós imeachta measúnúcháin agus toghcháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (3). Tá na mionsonraí uile maidir le gníomhaíochtaí próiseála ar fáil ag http://www.europarl.europa.eu/ombudsmanelection2019/ga/home/home.html

D.M. SASSOLI

*Uachtarán Pharlaimint na hEorpa*

(2) Ba cheart ainmniúcháin a sheoladh chuig:
Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
(Ainmniúcháin do phost an Ombudsman Eorpaigh)
PHS 06A055
Seoladh poist:
Foirgneamh Louise Weiss
Allée du Printemps
BP 1024/F
67070 Strasbourg Cedex
AN FHRAINC
nó
Foirgneamh Paul Henri Spaak
Rue Wiertz/Wiertzstraat
1047 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ba cheart go luafaí sonraí teagmhála ábhartha sna hainmniúcháin, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist.

(3) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, Ich.39).